NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11047 – EURAZEO / BCI / PCP / BMS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 282/05)

1. An 4 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Eurazeo SE ('Eurazeo', an Fhrainc),

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Preservation Capital Partners ('PCP', an Ríocht Aontaithe),

— BMS Investment Holding Company Limited ('BMS', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Eurazeo, BCI agus PCP (i dteannta a chéile, na Páirtithe) rialú comhpháirteach ar BMS de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc de chuid an Aontais. Faoi láthair tá BMS á rialú go comhpháirteach ag cleamhnaithe de chuid BCI agus PCP.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta liostaithe é Eurazeo a bhfuil a ceanncheathrú aige i bPáras na Fraince, agus tá sé gníomhach i gcothromas príobháideach, fiachas príobháideach agus sócmhainní réadacha,

— Is infheisteoir institiúideach é BCI atá lonnaithe i gCeanada, agus déanann sé infheistíocht i raon cineálacha sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromais phoiblí, cothromas príobháideach, infreastruchtúr, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é PCP a dhéanann speisialtóireacht in infheistíocht i ngnólachtaí atá ar thús cadhnaíochta sa mhargadh agus a oibríonn laistigh d'earnáil na seirbhísí agus na teicneolaíochta airgeadais, ar earnáil í a bhfuil fás ard inti,

— Is bróicéir árachais atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe é BMS a dháileann árachas speisialaithe neamhshaoil agus táirgí athárachais ar chliaint phroifisiúnta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11047 – EURAZEO / BCI / PCP / BMS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË